**Leasú 4**
**Željana Zovko**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0404/2023**
**Željana Zovko**
Ról na taidhleoireachta coiscthí chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?
(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris AN a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ANa. de bhrí gur deis don chomhphobal idirnáisiúnta agus AE san áireamh, an méadú a tháinig le déanaí ar an teannas idir Veiniséala agus an Ghuáin maidir le réigiún Essequibo, chun gníomhaíocht taidhleoireachta choisctheach phráinneach a dhéanamh sula dtiocfaidh géarú breise ar an ábhar;*** |

Or. en

10.1.2024 A9-0404/5

**Leasú 5**
**Željana Zovko**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil** **A9-0404/2023**
**Željana Zovko**
Ról na taidhleoireachta coiscthí chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?
(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe am**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (am) measúnú a dhéanamh ar céard a bhí in easnamh in iarrachtaí taidhleoireachta coiscthí an Aontais sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin chun an teannas a sheachaint mar gheall ar roscaireacht ghríosaitheach agus gníomhartha scarthacha a bhaineann an bonn dá thoilmhianta Eorpacha; a áitiú ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin comhaontú polaitiúil comhchoiteann a aimsiú go práinneach chun an moladh ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 a chomhlíonadh agus a bheith in ann tús a chur le caibidlíocht aontachais roimh mhí an Mhárta 2024, agus an staid gheopholaitiúil luaineach agus na hiarrachtaí chun tionchair mhailíseacha sheachtracha sa réigiún a chosc á gcur san áireamh freisin, rud a réiteoidh an bealach do bhuansíocháin agus buanchobhsaíocht sa tír agus sa réigiún; | (am) measúnú a dhéanamh ar céard a bhí in easnamh in iarrachtaí taidhleoireachta coiscthí an Aontais sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin chun an teannas a sheachaint mar gheall ar roscaireacht ghríosaitheach agus gníomhartha scarthacha a bhaineann an bonn dá thoilmhianta Eorpacha; a áitiú ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin comhaontú polaitiúil comhchoiteann a aimsiú go práinneach chun an moladh ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023 a chomhlíonadh agus a bheith in ann tús a chur le caibidlíocht aontachais roimh mhí an Mhárta 2024, agus an staid gheopholaitiúil luaineach agus na hiarrachtaí chun tionchair mhailíseacha sheachtracha sa réigiún a chosc á gcur san áireamh freisin, rud a réiteoidh an bealach do bhuansíocháin agus buanchobhsaíocht sa tír agus sa réigiún; ***á chur in iúl gur díol sásaimh di an cinneadh ón gComhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023 tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin nuair a bheidh critéir bhallraíochta an Aontais á gcomhlíonadh aici; ag fanacht go fonnmhar ar an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn agus ag súil léi tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2024;*** |

Or. en

**Leasú 6**
**Željana Zovko**
thar ceann an Ghrúpa PPE

**Tuarascáil A9-0404/2023**
**Željana Zovko**
Ról na taidhleoireachta coiscthí chun dul i ngleic le coinbhleachtaí calctha ar fud an domhain - deis a cailleadh nó athrú don todhchaí?
(2023/2050(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe bf a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(bfa) á aithint a thábhachtaí atá eagraíochtaí creideamhbhunaithe mar ghníomhaithe ríthábhachtacha i réiteach coinbhleachta agus san idirghabháil, rud a fhágann gur comhpháirtithe bunriachtanacha iad don taidhleoireacht choisctheach; ag cáineadh, sa chomhthéacs sin, ionsaithe ar ghníomhaithe creideamhbhunaithe, go háirithe príosúnacht easpag agus sagart i Nicearagua, lena n-áirítear an Moinsíneoir Rolando Álvarez, a bhí ina chraobhiomaitheoir do Dhuais Sakharov;*** |

Or. en